# Fógra maidir le tionscadal beartaithe de bhun Rialachán 42(13) de Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha), 2011 (I.R. Uimh. 477 de 2011)[1]

**I. An suíomh, lena n-áirítear an baile fearainn agus an contae, lena mbaineann an t-iarratas**

Tá oibreacha beartaithe ar an dá struchtúr seo a leanas i réigiún an Iarthuaiscirt:

- Droichead na hIascaí (DL-N56.001.00) i mbailte fearainn Bhaile an Mhuilinn agus Dhroim Leachta i gContae Dhún na nGall; agus,
- Droichead Bhun Scainimh (GC-N59-035.00) i mbailte fearainn Bhun Scainimh agus Sheanadh Chaola i gContae na Gaillimhe.

**II. Cineál agus fairsinge an tionscadail atá beartaithe**

Is gnáthoibreacha cothabhála iad na hoibreacha atá beartaithe ar Dhroichead na hIascaí (DL-N56.001.00) agus ar Dhroichead Bhun Scainimh (GC-N59-035.00).

Tá tuilleadh sonraí maidir le cineál agus fairsinge na n-oibreacha cothabhála droichead atá beartaithe le fáil in *NW Bridges Year 2 NIS – North West Bridges Term Maintenance Contract No 4* (Ath. 2.0, AtkinsRéalis, 30 Eanáir 2025).

**III. Na cinntí féideartha**

Cinnfidh Bonneagar Iompair Éireann de bhun Rialachán 42(11) de Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha), 2011 (I.R. Uimh. 477 de 2011) agus Airteagal 6(3) den Treoir maidir le Gnáthóga cé acu a dhéanfadh nó nach ndéanfadh na hoibreacha cothabhála ceartaithí droichid atá beartaithe díobháil do shláine láithreáin Eorpaigh.

**IV. Cá háit agus cathain is féidir na doiciméid a fheiceáil**

Féadfar féachaint ar Ráiteas Tionchair Natura agus ar léarscáil den tionscadal beartaithe ar líne ar shuíomh gréasáin Bhonneagar Iompair Éireann (https://www.tii.ie/).

Féadfar féachaint ar Ráiteas Tionchair Natura agus ar léarscáil den tionscadal beartaithe saor in aisce ach coinne a dhéanamh ag oifigí Bhonneagar Iompair Éireann ag an seoladh seo a leanas:

Ionad Gnó Gheata na Páirce,
Sráid Gheata na Páirce,
Baile Átha Cliath 8,
D08 DK10,
Éire.

Féadtar coinní chun féachaint ar na doiciméid a shocrú ach scríobh chuig an seoladh poist thuas nó ríomhphost a sheoladh chuig: EnvironmentalPolicyCompliance@tii.ie

Féadfar an Ráiteas Tionchair Natura agus léarscáil den tionscadal beartaithe a cheannach freisin ar tháille nach mó ná an costas réasúnach a bhainfidh lena leithéid a chur ar fáil. Féadfar iarrataí chun cóipeanna crua a cheannach a sheoladh chuig an ríomhphost agus na seoltaí poist thuas.

**V. Féadfaidh duine aighneachtaí nó barúlacha a sheoladh chuig an údarás áitiúil laistigh de 30 lá ó dháta an fhógra**

[1] Rialachán 42(13) de Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha), 2011 (I.R. Uimh. 477 de 2011), arna ionadú le Rialachán 6(b) de Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) (Leasú), 2021 (I.R. Uimh. 293 de 2021).

Féadfaidh an pobal aighneachtaí nó barúlacha a dhéanamh i scríbhinn maidir leis an tionscadal beartaithe (laistigh de 30 lá ó dháta an fhógra seo) chuig Bonneagar Iompair Éireann.

Féadfar aighneachtaí nó barúlacha a sheoladh ar ríomhphost chuig an seoladh ríomhphoist seo a leanas: EnvironmentalPolicyCompliance@tii.ie

Nó, féadfar aighneachtaí nó barúlacha a sheoladh sa phost chuig:

An Rannóg Beartais agus Comhlíonta Comhshaoil,
Bonneagar Iompair Éireann,
Ionad Gnó Gheata na Páirce,
Sráid Gheata na Páirce,
Baile Átha Cliath 8,
D08 DK10,
Éire.

## VI. Aon sonraí eile maidir le rannpháirtíocht an phobail

Beidh aird ag Bonneagar Iompair Éireann ar aon aighneachtaí nó barúlacha a gheofar ón bpobal.

Próiseálfar sonraí pearsanta a bheidh in aighneachtaí nó i mbarúlacha i gcomhréir le Fógra Cosanta Sonraí BIÉ atá ar fáil ar www.tii.ie.

Féadfar aighneachtaí nó barúlacha a sheoladh ar aghaidh chuig ár soláthraithe seirbhíse tríú páirtí, lena n-áirítear AtkinsRéalis, chun go ndéanfaidh siad anailís agus machnamh orthu, agus go dtabharfaidh siad freagra orthu. Féadfar anailís, machnamh agus freagraí den sórt sin a dhoiciméadú.

## VII. Aon fhaisnéis eile is dóigh leis an údarás poiblí a bheith ábhartha

D'fhéadfadh cuid den fhaisnéis atá sa Ráiteas Tionchair Natura, i gcás ina gcuirfí ar fáil go poiblí í, caomhnú speiceas nó gnáthóg cosanta a chur i mbaol. Ar an gcúis sin, baineadh amach an fhaisnéis sin. Baineadh amach freisin sonraí pearsanta de bhun cheanglais an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí.

Dáta: 21 Feabhra 2025.